Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Samhain 2023
(OR. en)

11666/23

LIMITE

POLCOM 156
SERVICES 33
FDI 20
COLAC 88

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0258 (NLE)**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile |

**CINNEADH (AE) .../... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh,
an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil
idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1), Airteagal 100(2), agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Samhain 2017, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála tús a chur le caibidlíocht leis an tSile maidir le comhaontú nuachóirithe leis an tSile chun teacht in ionad an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú Comhlachais').

(2) An 9 Nollaig 2022, tugadh i gcrích an chaibidlíocht idir an tAontas agus an tSile go rathúil.

(3) Leis an nuachóiriú ar an gComhaontú Comhlachais, déantar foráil maidir le dhá ionstraim dhlíthiúla chomhthreomhara. Is í an chéad ionstraim an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile ('an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil'), lena n-áirítear: an colún Polaitiúil agus Comhair, agus an colún Trádála agus Infheistíochta, lena n-áirítear forálacha cosanta infheistíochta. Is í an dara hionstraim an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile ('an Comhaontú'), lena gcumhdaítear léirscaoileadh trádála agus infheistíochta. Scoirfidh an Comhaontú d'éifeacht a bheith aige agus a cuirfear an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil ina ionad ar theacht i bhfeidhm don Chomhaontú sin.

[1] IO L 352, 30.12.2002, p.3.



PUBLIC

(4) Ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí agus ba cheart an Ráiteas Comhpháirteach maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe atá sa Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile ('an Ráiteas Comhpháirteach') atá i gceangal leis an gComhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile[1+] a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an comhaontú sin a thabhairt i gcrích.

*Airteagal 2*

Déantar leis seo an Ráiteas Comhpháirteach atá i gceangal leis an gComhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

[+] Toscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST 11668/23.



PUBLIC